

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO

SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAELGE, FÓMHAR 2017

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE

PÁIPÉAR II – 100 MARC

(80 MARC ANSEO AGUS 20 MARC DO ‘TEANGA AGUS CULTÚR’)

Uair agus leathuair an chloig don pháipéar seo (10.00-11.30). Dhá cheist a fhreagairt, ceist amháin as gach Roinn.

ROINN A

PRÓS

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. “Léiríonn an t-alt nuachtáin ‘Scéalta as Tír na nÓg,’ le Liam Ó Muirthile, go mbíonn ról tábhachtach ag an scéalaíocht i bhforbairt an linbh.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don alt mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

2. “Déantar plé cliste ar théama an ghinmhille sa scéal ‘Triúrmhilleadh,’ le Seán Mac Mathúna.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

ROINN B

FILÍOCHT

Freagair Ceist 3 nó Ceist 4

3. “Dán dúlra is ea ‘An Broc,’ le Pádraig Mac Fhearghusa, ina labhraíonn an broc faoi ghnéithe dá shaol féin.”
Pléigh an ráiteas sin agus luaigh línte ón dán mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

AN BROC

Dán do pháistí

Is mise an Broc!
Os comhair stróinséirí
táim beagáinín cúthaileach.
'Sea, fíor dhuit,
is nós liom
bualadh amach istoíche,
ach más é is fearr leat,
fáilte romhat isteach
go fóill
im bhrocais.
Á! Fan!
Níl do lapaí
glan go leor.
An doras cúil
a chaithfidh tú
a thabhairt ort féin.
Buail fút ansan anois
sa tseomra bídh,
mar a bhfuil suipéar breá
réidh dár mbeirt
de bhleibíní, pucha,
is dearcáin –
Bíodh frog agat
mar mhilseog ina dhiaidh,
is ós oíche spéirghealaí
'tá againn,
téanam sall ar ball beag
thar an gcoill
go n-ólaimis braon dí
i nGort an tSrutháin.

4. “Cumhacht shamhlaíocht an pháiste is téama don dán, ‘Teilifís,’ le Gabriel Rosenstock.”

Pléigh an tuairim sin agus luaigh línte ón dán mar thacaíocht le do fhreagra.

(40 marc)

TEILIFÍS

(Faoi m'iníon Saffron)

Ar a cúig a chlog ar maidin
Theastaigh an teilifís uaithi.
An féidir argóint le beainín
Dhá bhliain go leith?
Síos linn le chéile
Níor bhacas fiú le gléasadh
Is bhí an seomra préachta.
Gan solas fós sa spéir
Stánamar le hiontas ar scáileán bán.
Anois! Sásta?
Ach chonaic sise sneachta
Is sioráf tríd an sneachta
Is ulchabhán Artach
Ag faoileáil
Os a chionn.